Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10996 — ICG / SCOPELEC / SETELEN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 86/11)

1. An 28 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Circet SAS ("Circet", an Fhrainc), faoi rialú eisiach Intermediate Capital Group ("ICG", an Ríocht Aontaithe),

— Scopelec, société coopérative de production anonyme à capital variable ("Scopelec", an Fhrainc),

— Setelen SAS ("Setelen", an Fhrainc), Scopelec Energies Services ("SES", an Fhrainc), Gobé SAS ("Gobé", an Fhrainc), faoi rialú eisiach Scopelec.

Gheobhaidh ICG rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc ar roinnt codanna de Scopelec agus Setelen agus ar SES agus Gobé ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní agus scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Circet: soláthar seirbhísí dearaidh, innealtóireachta, imscartha, tógála, suiteála agus cothabhála le haghaidh líonraí teileachumarsáide,

— Scopelec, Setelen, SES agus Gobé: soláthar seirbhísí suiteála agus cothabhála le haghaidh líonraí teileachumarsáide agus seirbhísí suiteála le haghaidh stáisiúin athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10996 — ICG / SCOPELEC / SETELEN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").